2024/2644

4.10.2024

CINNEADH (AE) 2024/2644 Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT

an 2 Deireadh Fómhair 2024

lena gceaptar Abhcóide Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais

TÁ IONADAITHE RIALTAIS BHALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 253 agus 255 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rachaidh téarma oifige 13 Bhreitheamh agus 5 Abhcóidí Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais in éag an 6 Deireadh Fómhair 2024.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, ceapacháin a dhéanamh do na poist sin don tréimhse dar tús an 7 Deireadh Fómhair 2024 agus dar críoch an 6 Deireadh Fómhair 2030.

(3) Le Cinneadh (AE) 2023/2503 ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ([1]), ceapadh Giovanni PITRUZZELLA ina Abhcóide Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais don tréimhse ón 7 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2030. Tar éis do Giovanni PITRUZZELLA éirí as oifig, moladh go gceapfaí Andrea BIONDI don chéad téarma oifige ina cháil mar Abhcóide Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais.

(4) Thug an painéal, a cuireadh ar bun faoi Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tuairim fhabhrach uaidh ar oiriúnacht an iarrthóra sin feidhmeanna Abhcóide Ghinearálta den Chúirt Bhreithiúnais a fheidhmiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Andrea BIONDI ina Abhcóide Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais don tréimhse ón 7 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2030.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Deireadh Fómhair 2024.

An tUachtarán

ÓDOR B.

([1]) Cinneadh (AE) 2023/2508 ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát an 8 Samhain 2023 lena gceaptar beirt Bhreithiúna agus Abhcóide Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais (IO L, 2023/2508, 10.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2508/oj).